Tá maoiniú san áireamh sa deontas de **£272,486** don **Áisaonad Lán-Ghaeilge** dá chuid oibre sa réimse seo.

2.3.4 Tacú le soláthar áiseanna teagaisc agus foghlama tríd an nGúm agus trí scéimeanna comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Cuireadh na háiseanna seo a leanas ar fáil:

An Bhunscolaíocht:

- Leagan leictreonach de roinnt póstaer matamaitice a bhaineann leis an tsraith *Mata go Deo*;
- Leabhar oibre agus áiseanna ar líne sa Tíreolaíocht do Rang 5 (*Féach Thart*);
- Ceithre eagrán den nuachtlitir timpeallachta *Líon an Dúlra*;
- Dhá leabhar eolais faoi chúrsaí Eolaíochta: *Cén fáth a mbím ag Broimneach?* agus *An gCacann Beacha?*

An Iar-bhunscolaíocht:

- Téacsleabhar staire don Ardteistiméireacht;
- 3 chaibidil bhreise den téacsleabhar Ealaíne don Ardteistiméireachta ar líne;

provided for Irish teachers in how to teach the language to adult learners. 9 people attained the Diploma at the end of the academic year in 2016.

2.2.2 Supporting the provision of teaching and learning resources through an Gúm and partnership schemes with stakeholders

Séideán Sí: The Digital Project

In partnership with the CCEA and with the Department of Education and Skills a range of electronic resources, from games to activities, were provided for Classes 1 and 2 on the website www.seideansi.ie. Work commenced on the preparation of materials for Classes 3-6 and a consultation process began to plan the next three-year development project.

The following pieces were published for primary school pupils:

Pota Folamh

Irish language version of a story from traditional Chinese folklore.
Aimed at First and Second Class.

Óró na Circíní

by Gabriel Rosentstock/Brian Fitzgerald
Collection of stories from African traditions.
Aimed at Third and Fourth Class.

Morf

by Orna Ní Choileáin/Olivial Golden
A novel aimed at Fifth and Sixth Class.

2.3 Advancing the teaching of Irish

This area of work is included in the €715,719 grant provided to **Gaeloideachas**.

This area of work is included in the **£272,486** provided to **An tÁisaonad Lán-Ghaeilge**.

2.3.4 Supporting the provision of teaching and learning facilities through an Gúm and partnership schemes with stakeholders.

The following aids were made available:

Primary Schools:

- Electronic version of various mathematics posters relating to the series *Mata go Deo*;
- Workbook and aids online in Geography for Fifth Class (*Féach Thart*);
- Four editions of the environment newsletter *Líon an Dúlra*;
- Two information books on Science: *Cén fáth a mbím ag Broimneach?* and *An gCacann Beacha?*

Post-Primary Schools:

- History textbook for the Leaving Certificate;
- 3 additional chapters of the Art textbook online for the Leaving Cert;

mBaile Átha Cliath sa bhliain acadúil 2015/2016. Cuireadh oiliúint ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge maidir le conas Gaeilge a mhúineadh d'fhoghlaimoirí fásta. Bhain 9 nduine an Dioplóma amach ag deireadh na bliana acadúla in 2016.

2.2.2 Tacú le soláthar áiseanna teagaisc agus foghlama tríd an nGúm agus trí scéimeanna comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara

Séideán Sí: An Tionscadal Digiteach

I gcomhar leis an CCEA agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh raon áiseanna leictreonacha, idir chluichí agus ghníomhaíochtaí, do Rang 1 agus 2 ar fáil ar an suíomh gréasáin www.seideansi.ie. Tosaíodh ar ábhar Rang 3-6 a réiteach agus tosaíodh ar phróiseas comhairliúcháin chun an chéad tionscadal forbartha trí bliana eile a phleanáil.

Foilsíodh na saothair seo a leanas do dhaltaí bunscoile:

Pota Folamh

Leagan Gaeilge de scéal as traidisiún béaloidis na Síne.
Díríte ar Rang 1-2.

Óró na Circíní

le Gabriel Rosentstock/Brian Fitzgerald
Cnuasach de scéalta ó thraidisiúin na hAfraice.
Díríte ar Rang 3-4.

Morf

le hOrna Ní Choileáin/Olivial Golden
Úrscéal dírithe ar Rang 5-6.

2.3 Múineadh trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn

Tá maoiniú san áireamh sa deontas de €715,719 do **Ghaeloideachas**, don réimse seo oibre.

Tá maoiniú san áireamh sa deontas de **£272,486** don **Áisaonad Lán-Ghaeilge** dá chuid oibre sa réimse seo.

2.3.4 Tacú le soláthar áiseanna teagaisc agus foghlama tríd an nGúm agus trí scéimeana comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Cuireadh na háiseanna seo a leanas ar fáil:

An Bhunscolaíocht:

- Leagan leictreonach de roinnt póstaer matamaitice a bhaineann leis an tsraith *Mata go Deo*;
- Leabhar oibre agus áiseanna ar líne sa Tíreolaíocht do Rang 5 (*Féach Thart*);
- Ceithre eagrán den nuachtlitir timpeallachta *Líon an Dúlra*;
- Dhá leabhar eolais faoi chúrsaí Eolaíochta: *Cén fáth a mbím ag Broimneach?* agus *An gCacann Beacha?*

An Iar-bhunscolaíocht:

- Téacsleabhar staire don Ardteistiméireacht;
- 3 chaibidil bhreise den téacsleabhar Ealaíne don Ardteistiméireachta ar líne;

- Work continued in this area of work on the original Woodwork textbook for the Junior Certificate and with work on the Mathematics textbook (Ordinary Level) for the Junior Certificate.

2.4 Developing Lexicography

The main goal of the New English-Irish Dictionary in 2016 was achieved, namely 130,000 sense units available on www.focloir.ie – the total sense units planned. There are 140,000 sense units live on the website now, which means that the full dictionary has been completed.

A systematic screening of primary school and secondary school (up until the Junior Certificate/GCSE) syllabuses and textbooks was undertaken in order to assemble and include the core terminology for these subjects in the Dictionary.

Certain progress was also made in the following: cross-dictionary editing and quality control throughout the Dictionary; approval from the Terminology Committee of new terminology arising from dictionary project; planning and preparation for the printed version; publication of version 1.1 of the dictionary's App, with additional functions; and the publication of a new App for the older dictionaries which are on www.teanglann.ie.

2.5 Development of terminology

Foras na Gaeilge continued their work in the terminology area. The public had access to the National Terminology Database on www.tearma.ie. An Coiste Téarmaíochta held 10 meetings and a terminology Symposium was organised. Approximately 7,500 new terms were approved and published online including sporting, arts, social media terms, IATE (Inter-Active Terminology for Europe) terms and terms from Statutory Instruments. The Technology and Information Terms Subcommittee completed their work on target and all of the Arts Terms were inputted.

- Leanadh leis an obair sa réimse oibre seo ar an mbuntéacsleabhar Adhmadóireachta don Teastas Sóisearach agus leis an obair ar an téacsleabhar Matamaitice (Gnáthleibhéal) don Teastas Sóisearach.

2.4 An fhoclóireacht a fhorbairt

Baineadh amach mórsprioc an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge in 2016, is é sin 130,000 aonad céille a bheith ar fáil ar www.focloir.ie – iomlán na n-aonad céille atá beartaithe. Tá 140,000 aonad céille ar an suíomh gréasáin beo anois, rud a fhágann go bhfuil an foclóir iomlán déanta.

Rinneadh scagadh córasach ar shiollabais agus ar théacsleabhair na bunscoile agus na meánscoile (suas go dtí an Teastas Sóisearach/GCSE) le croíthearmaíocht na n-ábhar a bhailiú agus a chuimsiú san Fhoclóir.

Rinneadh dul chun cinn áirithe freisin maidir le: heagarthóireacht trasfhoclóra agus rialú cáilíochta a dhéanamh síos tríd an bhFoclóir; nuathearmaíocht a d'eascair as tionscadal an fhoclóra a bheith faofa ag an gCoiste Téarmaíochta; pleanáil agus ullmhúchán don leagan clóite; leagan 1.1 d'Aip an fhoclóra a fhoilsiú, le feidhmeanna breise; agus Aip nua do na seanfhoclóirí atá ar www.teanglann.ie a fhoilsiú.

2.5 An téarmaíocht a fhorbairt

Lean obair Fhoras na Gaeilge i réimse na téarmaíochta. Bhí rochtain ag an bpobal ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar www.tearma.ie. Reáchtáladh 10 gcrúinniú den Choiste Téarmaíochta agus eagraíodh Siompóisiam téarmaíochta. Faomhadh agus foilsíodh ar líne c7,500 téarma nua lena n-áirítear téarmaí spóirt, ealaíon, meán sóisialta, téarmaí TIE (Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip – IATE) agus téarmaí as Ionstraimí Reachtúla. Chríochnaigh an Fochoiste Téarmaí Teicneolaíochta agus Faisnéise a gcuid oibre de réir sprice agus rinneadh na Téarmaí Ealaíon uile a ionchur.

3

USE

To increase the use of the Irish language throughout the island of Ireland

3.1 Increasing the use of Irish through co-operation and partnership

The amounts below were approved through the partnership approach with the following Lead Organisations:

Cumann na bhFiann - €752,663 towards the completion of a programme of work in the key area ‘Developing Opportunities to Use Irish and Networks for Young People’;

Oireachtas na Gaeilge - €628,883 towards the completion of a programme of work in the key area ‘Opportunities to Use the Irish Language and the Formation of Networks’;

Glór na nGael - €1,103,510 towards the completion of a programme of work in the key area ‘Community and Economic Development’;

Conradh na Gaeilge - €843,586 towards the completion of a programme of work in the key area ‘Raising Awareness, Language Protection and Representation for the Language (on behalf of the State Authorities);

Gael Linn - €656,750 towards the completion of a programme of work in the key area ‘English medium and adult education and opportunities for school pupils to use the language’;

Gaeiloideachas - €715,719 towards the completion of a programme of work in the key area ‘All-Irish Education/Immersion Education and Pre-school Education’.

3.2 Developing and fostering the use of Irish on a local basis

This area of work is included in the €626,883 grant provided to **Oireachtas na Gaeilge** and in the €1,103,510 grant provided to **Glór na nGael**.

Irish Language Community Scheme

Interim funding continued to be made available until the 30th of June to 19 local committees who were current recipients under the **Irish Language Community Scheme** and a wide range of action plans were carried out in localities throughout the island:

An Clár as Gaeilge (Ennis); Coiste Forbartha Charn Tóchair (Magherafelt); Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain (Belfast); An Droichead (Belfast); Gaelphobal Cheantar an tSraitha Bháin (Strabane); Glór Cheatharlach (Carlow); Glór Gaeilge Locha Riach (Loughrea); Ionad Uíbh Eachach (Belfast); Muintir Chrónáin (Dublin); Coiste Dúiche Mhaigh Eo (Mayo); CnaG Boirche Íochtar (Down); Cumann Gaelach na hEaglaise (Dublin); Cairde Teo (Armagh); Cairde Uí Néill (Tyrone); Glór na nGael, Uachtar Tíre (Down); Glór na Móna (Antrim); CnaG, Craobh an Aonaigh (Tipperary); Croí Éanna (Antrim).

See also the publication *The Irish Language Community Scheme – Enabling and Fostering*.

3

ÚSÁID

Úsáid na Gaeilge a mhéadú ar fud oileán na hÉireann

3.1 Cur le húsáid na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht

Ceadaíodh na suimeanna thíos tríd an gcur chuige comhpháirtíochta do na Ceanneagraíochtaí seo leanas:

Cumann na bhFiann - €752,663 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasáin do Dhaoine Óga’;

Oireachtas na Gaeilge - €628,883 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán’;

Glór na nGael - €1,103,510 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta’;

Conradh na Gaeilge - €843,586 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht’ (thar ceann na teanga le húdaráis stáit);

Gael Linn - €656,750 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d’aoisigh agus deiseanna úsáide do dhaltai scoile’;

Gaeloideachas - €715,719 chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ‘Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge’.

3.2 Úsáid logánta na Gaeilge a fhorbairt agus a chothú

Tá maoiniú san áireamh don réimse oibre seo sa deontas de **€628,883** a cuireadh ar fáil do **Oireachtas na Gaeilge** agus sa deontas de **€1,103,510** a cuireadh ar fáil do **Glór na nGael**.

Scéim Phobail Ghaeilge

Leanadh den mhaoiniú eatramhach suas go dtí an 30 Meitheamh don 19 coiste áitiúla a bhí mar dheontaithe reatha de **Scéim Phobail Ghaeilge** agus bhí réimse leathan de chláir ghníomhaíochtaí curtha i gcrích ag gach deontai ar bhonn logánta ar fud an oileáin:

An Clár as Gaeilge (Inis); Coiste Forbartha Charn Tóchair (Machaire Fíolta); Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain (Béal Feirste); An Droichead (Béal Feirste); Gaelfhorbairt na Gaillimhe (Gaillimh); Gaelphobal Cheantar an tSratha Bháin (An Srath Bán); Glór Cheatharlach (Ceatharlach); Glór Gaeilge Locha Riach (Baile Locha Riach); Ionad Uíbh Eachach (Béal Feirste); Muintir Chrónáin (Baile Átha Cliath); Coiste Dúiche Mhaigh Eo (Maigh Eo); CnaG Boirche Íochtar (An Dún); Cumann Gaelach na hEaglaise (Baile Átha Cliath); Cairde Teo (Ard Mhacha); Cairde Uí Néill (Tír Eoghain); Glór na nGael, Uachtar Tíre (An Dún); Glór na Móna (Aontroim); CnaG, Craobh an Aonaigh (Tiobraid Árann); Croí Éanna (Aontroim).

Féach freisin an foilseachán Scéim Phobail Gaeilge - Cumasú agus Cothú.

As a result of the review of the scheme, undertaken in 2015, a new round of the **Irish Language Community Scheme** was announced with a support fund of over **€4 million** over a four-year period and grants were approved to **22** community committees throughout the island which started under the new round of the scheme in July. Below is a list of the successful applicants:

An Clár as Gaeilge	Co. Clare
Cumann Gaelach Leath Chathail	Co. Down
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Co. Down
Glór Uachtar Tíre	Co. Down
Ionadh Uíbh Eachach	Co. Antrim
Glór na Móna	Co. Antrim
An Droichead	Co. Antrim
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Co. Antrim
Ionad na Fuiseoige	Co. Antrim
Cairde Teo.	Co. Armagh
Muintir Chrónáin Teo.	Co Dublin
Cumann Gaelach na hEaglaise	Co Dublin
Glór Cheatharlach	Co. Carlow
Cairde Uí Néill	Co. Derry
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Co. Derry
Glór Dhún Geimhin	Co. Derry
Glór na Spéiríní	Co. Derry
Coiste Dúiche Mhaigh Eo	Co. Mayo
An Cumann Gaelach Muineachán	Co. Monaghan
Gael-fhorbairt na Gaillimhe	Co. Galway
CnaG, Craobh an Aonaigh	Co. Tipperary
Pobal Ar A'n Iúl	Co. Tyrone

Irish Language Centres

Annual funding was made available to Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in Belfast and to Cultúrlann Uí Chanáin in Derry. Funding was also approved to East Belfast Mission for ‘Turas’ a support initiative for the Protestant community and a programme of activities in Gaeláras Mhic Ardghail in Newry was also funded.

Community Radio Scheme

As a result of the review of the core-funded sector, Foras na Gaeilge has a scheme aimed at community radio stations and broadcasting through Irish and under the last round held in 2015 a three-year grant was approved for two successful stations for the period from the 1st of January 2016 until the 31st of December 2018, namely Raidió na Life in Dublin and Raidió Fáilte in Belfast.

Scheme for Establishing and Developing Networks

Support grants were made available for 20 current networks through this scheme and the scheme ended as a result of a review undertaken on the scheme’s performance. A new minor grants scheme was agreed for small community committees as a successor to the scheme and it will be advertised in 2017.

Ag eascairt as athbhreithniú a rinneadh ar an scéim le linn 2015, fógraíodh babhta úr de **Scéim Phobail Ghaeilge** le ciste tacaíochta de bhreis agus **€4 mhilliún** thar tréimhse de cheithre bliana agus ceadaíodh deontais do **22** coiste pobail ar fud an oileáin a thosaigh faoin mbabhta úr den scéim i mí Iúil. Seo thíos liosta de na hiarratasóirí rathúla:

An Clár as Gaeilge	Co. an Chláir
Cumann Gaelach Leath Chathail	Co. an Dúin
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Co. an Dúin
Glór Uachtar Tíre	Co. an Dúin
Ionadh Uíbh Eachach	Co. Aontroma
Glór na Móna	Co. Aontroma
An Droichead	Co. Aontroma
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Co. Aontroma
Ionad na Fuiseoige	Co. Aontroma
Cairde Teo.	Co. Ard Mhacha
Muintir Chrónáin Teo.	Co. Bhaile Átha Cliath
Cumann Gaelach na hEaglaise	Co. Bhaile Átha Cliath
Glór Cheatharlach	Co. Cheatharlach
Cairde Uí Néill	Co. Dhoire
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Co. Dhoire
Glór Dhún Geimhin	Co. Dhoire
Glór na Spéiríní	Co. Dhoire
Coiste Dúiche Mhaigh Eo	Co. Mhaigh Eo
An Cumann Gaelach Muineachán	Co. Mhuineacháin
Gael-fhorbairt na Gaillimhe	Co. na Gaillimhe
CnaG, Craobh an Aonaigh	Co. Thiobraid Árann
Pobal Ar A'n Iúl	Co. Thír Eoghain

Ionaid Ghaeilge

Soláthraíodh maoiniú bliantúil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste agus do Chultúrlann Uí Chanáin i nDoire. Bhí maoiniú ceadaithe freisin do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste ar son an tionscnaimh thacaíochta don phobal Protastúnach ‘Turas’ agus maoiníodh clár gníomhaíochtaí le Gaeláras Mhic Ardghail san Iúr.

Scéim Raidió Pobail

Mar thoradh ar an athbhreithniú ar an earnáil bhunmhaoinithe, tá scéim ag Foras na Gaeilge atá dírithe ar staisiún raidió pobail atá ag craoladh trí Ghaeilge agus faoin mbabhta deireanach a reáchtáladh in 2015 ceadaíodh deontas trí bliana do dhá staisiún rathúla don tréimhse 01 Eanáir 2016 go 31 Nollaig 2018, mar atá Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste.

Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán

Soláthraíodh deontais tacaíochta do 20 gréasán reatha tríd an scéim seo agus tugadh an scéim chun deiridh ag eascairt as athbhreithniú a rinneadh ar fheidhmíocht na scéime. Aontaíodh scéim úr miondeontas do choistí beaga pobail mar chomharba na scéime agus fógrófar in 2017.

Gaeltacht Service Towns

Under the terms of the Gaeltacht Act (2012), Foras na Gaeilge is responsible for administering the application and support process for 13 of the 16 towns nominated by the Government, as towns which could achieve recognition as a **Gaeltacht Service Town** and, in conjunction with Údarás na Gaeltachta it began to prepare three towns for the application process to draft a language plan: An Daingean, Letterkenny and Galway.

Irish language networks

Foras na Gaeilge organised an open application process through which five successful candidates were selected to compile a language plan for the following areas: Ennis, Co Clare; Clondalkin, Co Dublin and Loughrea Co Galway in the south (under the terms of the Gaeltacht Act 2012), along with Carrtogether, Co Derry and West Belfast, Co Antrim in the north. A grant was approved for the three networks in the south before the end of 2016 to begin preparing a language plan and discussions were ongoing with the Department for Communities regarding the agreement of resources and the status of the process in the north.

3.3 Providing opportunities for young people to use the language

This area of work is included in the **€656,750** grant provided to **Gael Linn** and in the **€752,663** grant provided to **Cumann na bhFiann**.

The Youth Events Scheme 2015/16 and 2016/17

Through this scheme grants to a value of €322,361 were provided in 2015/16 for 74 groups offering events through the medium of Irish. Through the **Youth Events Scheme 2016/17** grants with the value of €182,876 were provided to 41 groups. It is estimated that over 6,595 young people will avail of these opportunities.

A foundation grant with a value of £73,000 was approved for Ionad Uíbh Eachach in order to develop Gaelchúram Uachtar Chluanaí in Belfast – to provide day care services through the medium of Irish in Upper Springfield to accommodate the demand identified in the area. Funding continued for the pre-school project in Keady, Co. Armagh and in Tamnaghmore in County Antrim.

Gaeltacht scholarships were awarded to 15 families through the provision of a grant of €10,000 for Cumann an Phiarsaigh.

A grant with the value of €24,864 was provided to Gael Linn, €35,200 to Conradh na Gaeilge and €10,560 to Cumann na bhFiann to provide scholarship grants to 425 young people and 16 adults.

This area of work is included in the **€120,000** grant provided to **Gael Linn** for **Ghaelbhratach**.

3.4 Fostering Irish language writing, publishing and reading

Reading Strategy

Additional work was undertaken in the implementation of the Reading Strategy during 2016 but due to staff shortages towards the end of the year the plan for the year couldn't be fully completed.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Faoi réir Acht na Gaeltachta (2012), tá Foras na Gaeilge freagrach as próiseas iarratais agus tacaíochta a riar do 13 as an 16 bhaile atá ainmnithe ag an Rialtas mar bhailte a d'fhéadfadh aitheantas mar **Bhaile Seirbhíse Gaeltachta** a bhaint amach agus, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta cuireadh tús le trí bhaile a ullmhú don phróiseas iarratais chun plean teanga a réiteach: An Daingean, Leitir Ceanainn agus Gaillimh.

Líonraí Gaeilge

Reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas oscailte iarratais faoinar roghaíodh cúig iarratasóir rathúla le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú ar son na gceantar seo a leanas: Inis i gCo. an Chláir, Cluain Dolcain i gCo. Bhaile Átha Cliath agus Baile Locha Riach i gCo. na Gaeilge sa dlínse ó dheas (faoi réir Acht na Gaeltachta 2012), in éineacht le Carn Tóchair i gCo. Dhoire agus Iarthar Bhéal Feirste i gCo. Aontroma ó thuaidh. Ceadáíodh deontas do na trí Líonra ó dheas roimh dheireadh 2016 chun tús a chur le plean teanga a ullmhú agus leanadh leis an bplé leis an Roinn Pobal maidir le hacmhainneacht agus stádas a aontú don phróiseas leis an dá Líonra ó thuaidh.

3.3 Deiseanna úsáide a chur ar fáil don óige

Tá maoiniú san áireamh don réimse seo oibre sa deontas de **€656,750** a cuireadh ar fáil do **Gael Linn** agus sa deontas de **€752,663** a cuireadh ar fáil do **Chumann na bhFiann**.

Scéim na nImeachtaí Óige 2015/16 agus 2016/17

Tríd an scéim seo cuireadh deontais ar luach €322,361 ar fáil in 2015/16 le haghaidh 74 deontas do ghrúpaí chun imeachtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Trí **Scéim na nImeachtaí Óige 2016/17** cuireadh deontais ar luach €182,876 ar fáil le haghaidh 41 grúpa. Meastar go mbainfidh breis agus 6,595 duine óga tairbhe as na deiseanna seo.

Ceadáíodh deontas bunaithe ar luach £73,000 d'Ionad Uíbh Eachach le Gaelchúram Uachtar Chluanaí i mBéal Feirste a fhorbairt – cúram lae trí Ghaeilge a reáchtáil in Uachtar Chluanaí le freastal ar an éileamh a léiríodh sa cheantar. Leanadh den mhaoiniú do thionscadail réamhscolaíochta ar an gCéide i gCo. Ard Mhacha, agus ar an Tamhnach Mhór i gContae Aontroma.

Bronnadh scoláireachtaí Gaeltachta ar 15 theaghlach trí dheontas de €10,000 a chur ar fáil do Chumann an Phiarsaigh.

Cuireadh deontas ar luach €24,864 ar fáil do Gael Linn, €35,200 do Chonradh na Gaeilge agus €10,560 do Chumann na bhFiann le scoláireachtaí Gaeltachta a bhronnadh ar 425 duine óga agus 16 duine fásta.

Tá maoiniú san áireamh sa deontas de **€120,000** a cuireadh ar fáil do **Gael Linn** do **Ghaelbhhratach** don réimse seo oibre.

3.4 Scríbhneoireacht, foilsitheoireacht & léitheoireacht na Gaeilge a chothú

Straitéis Léitheoireachta

Rinneadh breis oibre ar chur i bhfeidhm na Straitéise Léitheoireachta le linn 2016 ach mar gheall ar easpa foirne i dtreo dheireadh na bliana ní fhéadfaí an plean don bhliain a chur i gcrích ina iomláine.

An Gúm

The majority of the editing on the new edition of *An Rúraíocht* which is being prepared was completed.

A new electronic edition of *Lá Dár Saol* by Seán Ó Criomhthain was prepared which will be published in 2017.

Publishing Scheme 2016

Under this scheme funding support is provided for Irish language publishers in the areas of production, development and marketing, based on the provision of an agreed, comprehensive, yearly plan. Funding support was given to fourteen publishers under the scheme during 2016 and 87 books as well as 3 ebooks were published. Various marketing and development activities were carried out as a result of that funding. Funding was approved for the following publishers under the Publishing Scheme during 2016:

An Sagart
An tSnáthaid Mhór
Arlen House
Cló Iar-Chonnacht
Coimicí Gael
Coiscéim
Cois Life
Duillí Éireann
Éabhlóid
Foilseacháin Ábhair Spioradálta
Futa Fata
LeabhairCOMHAR
Leabhar Breac
Ponc Press

Funding was also made available under Clár na Leabhar Gaeilge's Literary Projects Scheme for the following initiatives aimed at fostering the writing, publication and reading of Irish:

- ClubLeabhar.com: an online book club
- An Scriobhlann: an intensive training course in the writing of short stories and novels
- Southword magazine and the website www.poetryinternational.org (Munster Literature Centre)
- A prize fund for the blogging project in Pobalscoil Chorca Dhuibhne (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- Residential periods in Anam Cara (Irish Writers Centre)
- A series of visits to playschools, libraries and support centres. (Futa Fata)
- Irish language book app with information, opinions, reviews in film format, short articles about the background and themes of the book (Aisling Productions)
- A reading campaign for young people in libraries (Children Books Ireland)
- Development of a website for Aontas na Scribhneoirí Gaeilge.
- A residential series in schools island-wide. (Éigse Éireann)
- Development of a website for the journal LÉANN. (Cumann Léann na Litríochta)

An Gúm

Cuireadh i gcrích formhór na heagarthóireachta ar an eagrán nua de *An Rúraíocht* atá á réiteach.

Réitíodh eagrán nua leictreonach de *Lá Dár Saol* le Seán Ó Criomhthain a fhoilseofar in 2017.

Scéim na Foilsitheoireachta 2016

Faoin scéim seo cuirtear tacaíocht maoinithe ar fáil d'fhoilsitheoirí na Gaeilge sna réimsí táirgeachta, forbartha agus margaíochta bunaithe ar phlean cuimsitheach bliana a bheith curtha ar fáil acu. Tugadh cúnamh maoinithe do cheithre fhoilsitheoir déag faoi scéim na bliana 2016 agus foilsíodh 87 leabhar agus 3 ríomhleabhar. Cuireadh gníomhaíochtaí margaíochta agus forbartha éagsúla i gcrích chomh maith mar thoradh ar an maoiniú sin. Is iad seo a leanas na foilsitheoirí ar faomhadh maoiniú dóibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2016:

An Sagart
An tSnáthaid Mhór
Arlen House
Cló Iar-Chonnacht
Coimicí Gael
Coiscéim
Cois Life
Duillí Éireann
Éabhlóid
Foilseacháin Ábhair Spioradálta
Futa Fata
LeabhairCOMHAR
Leabhar Breac
Ponc Press

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi Scéim na dTionscadal Litríochta, Clár na Leabhar Gaeilge do na tionscadail seo a leanas chun scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú:

- ClubLeabhar.com: clubleabar ar líne
- An Scríobhlann: dianchúrsa traenála i scríobh an ghearrscéil agus an úrscéil
- An iris An Ghaoth Aneas agus an suíomh gréasáin www.poetryinternational.org (Ionad Litríochta an Deiscirt)
- Duaischiste do scéim bhlagála i bPobalscoil Chorca Dhuibhne (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- Tréimhsí cónaitheachta in Anam Cara. (Áras Scríbhneoirí na hÉireann)
- Sraith cuairteanna ar naíonraí, ar leabharlanna agus ar ionaid tacaíochta. (Futa Fata)
- Aip de leabhair Ghaeilge le heolas, tuairimí, léirmheasanna i bhfoirm scannáin, ailt ghairide faoi chúlra agus téamaí an leabhair (Aisling Productions)
- Feachtas léitheoireachta do dhaoine óga i leabharlanna (Leabhair Pháistí Éireann)
- Suíomh gréasáin a fhorbairt d'Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge.
- Sraith chónaitheachta i scoileanna ar fud an oileáin. (Éigse Éireann)
- Suíomh gréasáin a fhorbairt don irisleabhar LÉANN. (Cumann Léann na Litríochta)

ÁIS

The Book Distribution Agency, Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (ÁIS) was established in 1980 as a wholesaler to distribute Irish language books nationally and internationally. This is a challenging time in the book industry in general but, even so, we achieved the goal to maintain 2016 sales at the same as level as 2015. More than 175,000 books were distributed in 2016, with sales worth over €880,000. During 2016, Áis distributed books to over 260 shops, 242 on the island of Ireland and 18 in other countries worldwide.

A scheme designed to give marketing support to the Irish Language Publishing Sector, which was established late in 2014, was run in partnership with Cumann na bhFoilsitheoirí. This scheme was a great success during its first iteration and a new scheme was announced in 2016 for the period 2017-2019.

3.5 Fostering the use of Gaelic Languages

Colmille

Under the umbrella of Colmille, a range of events were completed, including the following:

- Iomáin Cholmille – Sporting festival – July 2016;
- Re-publication of the 2nd edition of *The Other Tongues* (Irish Pages) July 2016;
- Youth club exchanges May – July 2016;
- A bursary scheme to learn Irish / Gàidhlig; and
- Visits by two interschool partnerships April – June 2016.

3.6 Support of the Use of Irish in Various Domains

The Drama Companies Scheme 2016

This scheme focuses on Irish language drama companies which aim to foster, develop and provide theatre in Irish to the arts sector, the Irish language community, the general public and the education sector.

As a result of the scheme, funding was made available to the following 15 Drama Companies:

1. Ababú
2. Aisling Ghéar
3. Aisteoirí an Lóchrainn
4. Axis
5. An Lab
6. Branar
7. Aisteoirí Bhréanainn
8. Downtcha Puppets
9. Fibín
10. Graffiti
11. Guthanna Binne Síorai
12. High Rock Productions
13. Little Wolf Productions
14. Moonfish Theatre Company
15. Mouth on Fire Theatre Company

Festivals Scheme 2016

This scheme focusses on festivals that have as an integral aim the fostering and promotion of the Irish language arts, traditional arts and the heritage of

ÁIS

Bunaíodh An Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS) in 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh mar mhórdhíoltóir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is tréimhse dhúshlánach í seo i ngnó na leabhar trí chéile ach d'éirigh linn an sprioc a bhí againn le díolachán 2016 a choinneáil chomh hard le díolachán 2015. Dáileadh os cionn 175,000 leabhar ina iomlán in 2016, díolachán ar fiú os cionn €880,000 é. Le linn 2016 rinne ÁIS dáileachán chuig os cionn 260 siopa éagsúla, 242 díobh ar Oileán na hÉireann agus 18 gcinn sa chuid eile den Domhan.

Riaradh scéim le tacaíocht mhargaíochta a sholáthar d'earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge agus a bunaíodh ag deireadh 2014, i gcomhar le Cumann na bhFoilsitheoirí. Bhí an-rath ar an scéim seo sa chéad leagan de agus fógraíodh scéim úr in 2016 don tréimhse 2017-2019.

3.5 Úsáid na dteangacha Gaelacha a chothú

Colmceille

Faoi scáth Cholmceille, cuireadh réimse imeachtaí i gcrích, agus ina measc iad seo a leanas:

- Iomáin Cholmceille – féile spóirt – Iúil 2016;
- Athfhoilsiú an 2ú heagrán *The Other Tongues* (Irish Pages) Iúil 2016;
- Malartú idir clubanna óige Bealtaine – Iúil 2016;
- Scéim sparánachta le Gaeilge / Gàidhlig a fhoghlaim; agus
- Cuirteanna ag dhá chomhpáirtíocht idir scoile Aibreán – Meitheamh 2016.

3.6 Tacú le hÚsáid na Gaeilge i réimsí éagsúla

Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2016

Díríonn an scéim seo ar Chomplachtaí Drámaíochta Gaeilge a bhfuil mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórfhobal, agus don earnáil oideachais.

De thoradh na scéime, cuireadh maoiniú ar fáil do 15 Chomplacht Drámaíochta mar a leanas:

1. Ababú
2. Aisling Ghéar
3. Aisteoirí an Lóchrainn
4. Axis
5. An Lab
6. Branar
7. Aisteoirí Bhréanainn
8. Downtcha Puppets
9. Fibín
10. Graffiti
11. Guthanna Binne Síoraí
12. High Rock Productions
13. Little Wolf Productions
14. Moonfish Theatre Company
15. Mouth on Fire Theatre Company

Scéim na bhFéilte 2016

Díríonn an scéim seo ar fhéilte a bhfuil mar aidhm acu na healaíona Gaeilge, na healaíona dúchasacha agus oidhreacht na Gaeilge a chothú agus a chur

the Irish language and who work either through the medium of Irish or bilingually to showcase those arts to the general public in Ireland and internationally.

As a result of the scheme, funding was provided for the following 40 festivals:

Alliance Francaise
Áisleann Rann na Feirste
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
An Droichead
An Fhéile Scoldrámaíochta
Áras Éanna
Ballintogher Festival
Cairde Dhroim nDamh
Carrtoghher Community Association Ltd.
Celtic Film & TV
Ceoltaí Éireann
Club Óige Rann na Feirste
Club Sóisialta Thoráí
Cnoc na Gaoithe Cultural Centre
Coiste Traidhphicnic
Consairtín
Cumann Merriman
Féile na Bealtaine
Féile na hInse
Féile na Locha
Féile Scoldrámaíochta an Chláir
Féile Thoráí
Fingal Film Festival Company
Galway Film Fleadh
Galway Theatre Festival Ltd.
Glór Uachtar Tíre
Maura Thornton & Art Ó Súilleabháin (Westport Scoil Cheoil)
Muintir na Gaeilge Ongar
Musical Group – Larry Reynolds
Navan Choral Festival Ltd.
Pan-Celtic Carlow
Portumna Arts Group
Scoil Samhraidh Willie Clancy
Seosamh Mac Gabhann Summer School
Siamsa Sráide
Sligo Feis Ceoil
South Sligo Summer School
University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)
Waterford County Festival of Food Comp. Ltd.
Westport Arts Festival

Focail Eile/Other Words

Focail Eile is a literary project jointly organised by cultural/language organisations in European regions. Its aim is to create a network of creative placements for European writers in lesser used and minority languages. The project's website www.focailleile.ie is being developed gradually.

The first Irish language writer was chosen to go to Friesland in 2016. Réaltán Ní Leannáin spent 2 months in Friesland as part of the European project Other Words. The story she wrote in Irish has been translated into Basque and is to be translated into other languages shortly.

chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, mar dhlúthchuid den fhéile, agus ardán a chur ar fáil go hidirnáisiúnta, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal agus d'earnáil na n-ealaíon.

De thoradh na scéime cuireadh maoiniú ar fáil do 40 féile mar a leanas:

Alliance Francaise
Áisleann Rann na Feirste
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
An Droichead
An Fhéile Scoldrámaíochta
Áras Éanna
Ballintogher Festival
Cairde Dhroim nDamh
Carnogher Community Association Ltd.
Celtic Film & TV
Ceoltaí Éireann
Club Óige Rann na Feirste
Club Sóisialta Thoráí
Cnoc na Gaoithe Cultural Centre
Coiste Traidhphicnic
Consairtín
Cumann Merriman
Féile na Bealtaine
Féile na hInse
Féile na Locha
Féile Scoldrámaíochta an Chláir
Féile Thoráí
Fingal Film Festival Company
Galway Film Fleadh
Galway Theatre Festival Ltd.
Glór Uachtar Tíre
Maura Thornton & Art Ó Súilleabháin (Westport Scoil Cheoil)
Muintir na Gaeilge Ongar
Musical Group – Larry Reynolds
Navan Choral Festival Ltd.
Pan-Celtic Carlow
Portumna Arts Group
Scoil Samhraidh Willie Clancy
Seosamh Mac Gabhann Summer School
Siamsa Sráide
Sligo Feis Ceoil
South Sligo Summer School
University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)
Waterford County Festival of Food Comp. Ltd.
Westport Arts Festival

Focail Eile/Other Words

Is clár comhpháirtíochta é an tionscadal liteartha Focail Eile idir eagraíochtaí cultúrtha/teanga i réigiúin Eorpacha agus tá sé mar aidhm aige líonra de shocrúcháin chruthaitheacha a chruthú do scríbhneoirí Eorpacha i mionteangacha agus teangacha mionlaigh. Tá suíomh gréasáin an tionscadaí www.focailleile.ie á fhorbairt de réir a chéile.

Roghnaíodh an chéad scríbhneoir Gaeilge le dul chun na Freaslainne in 2016. Chaith Réaltán Ní Leannáin tréimhse 2 mhí sa Fhreaslainn mar chuid den tionscadal Eorpach Focail Eile. Tá an scéal a scríobh sí i nGaeilge aistrithe go Bascais agus le bheith aistrithe go dtí na teangacha eile gan mhoill.

Cathal Póirtéir was in Maribor, in Slovenia and undertook public talks and poetry readings in the universities and at festivals throughout the country. He was a special guest at two events of the Embassy of Ireland in Slovenia, events which were part of the 1916 celebrations.

There were two writers from Slovenia and was a writer from the Basque country in Ireland during the summer of 2016. They attended and took part in events such as Féile an Earagail, Loinneog Lúnasa, Oireachtas na Gaeilge, Fleadh Feirste, Ciorcal Díospóireachta, Reic in Club an Chonartha, Comhdháil Meanmanra. They were interviewed on Raidió na Life, Raidió Fáilte, BBC and Meon Eile.

Events and Other Cultural Projects

Funding was awarded to a number of groups throughout the island such as: Cór Chois Fharrage, Cór Duibhlinne, Léachtaí Cholm Cille, Léann na Gaeilge UCD, Scoil Cheoil an Earraigh, Armagh Rhymers, Dolphin Traders, Cúirt Filíochta Little Cinema Gaillimh, Dámhscoil na Mumhan, Pastime Chonamara, Réalt Uladh, Scríbhneoirí Gaeilge Chiarraí, Irish Theatre Institute, Scoil Cheoil an Earraigh and Réalt Uladh.

Funding was provided to Guthanna Binne Síoraí to produce a bilingual CD. The album is titled *Fuil ar an Rós / Blood on the Rose* and contains works by four of the signatories of the Easter Proclamation as well as poems relating to that particular period. Funding was awarded to Mark Lynch to record the works of Seán Ó Ríordáin and his language by recording and releasing, online and on CD, a collection of songs based on his poems. The CD is titled *An Bóthar*.

A series of 6 talks were once again held in 2016 in Northern Ireland's Public Records Office (PRONI) in Belfast. The 2016 theme was 'An Ghaeilge Inniu agus Inné' (The Irish language Today and Yesterday). These talks were aimed at the general public.

3.7 Supporting the Use of Irish in the media and multi-media

Online Newspaper Scheme

A 4 year grant worth €1.6 million was awarded to www.Tuairisc.ie, the successful applicant under this scheme. The online newspaper was published weekly throughout 2016 and had attracted 250,000 users by end of year which is an increase of 25% on the number of users in 2015.

Lifestyle Magazine Scheme

www.NOS.ie was the successful applicant under this scheme to publish a lifestyle magazine online. Monthly editions appeared throughout 2016 and had attracted over 128,000 users by end of the year. That is an increase on the number of users in 2015. *Gradaim Cheoil NÓS 2016* was also organised under the auspices of www.NOS.ie.

Irish Language Magazine Scheme

Comhar was the successful applicant under this scheme designed to provide a publication on Irish language matters. 12 editions of the relaunched magazine were published from the beginning of 2016 and included in the progress undertaken during the year, the amount of subscribers increased to over 300 and there are almost 500 copies of the magazine now being sold monthly in Eason shops throughout the island.

Bhí Cathal Póirtéir i Maribor, sa tSlóivéin agus é i mbun cainteanna poiblí agus léamh filíochta sna hollscoileanna agus ag féilte ar fud na tíre. Bhí sé mar aoi speisialta ag dhá imeacht de chuid Ambasáid na hÉireann sa tSlóivéin, imeachtaí mar cheiliúradh ar 1916.

Bhí beirt scríbhneoirí ón tSlóivéin agus scríbhneoir ó Thír na mBascach in Eirinn le linn an tsamhraidh in 2016. D'éirigh leo freastal ar agus páirt a ghlacadh in imeachtaí ar nós Féile an Earagail, Loinneog Lúnasa, Oireachtas na Gaeilge, Fleadh Feirste, Ciorcal Díospóireachta, Reic i gClub an Chonartha, Comhdháil Meanmanra. Rinneadh agallamh leo ar Raidió na Life, Raidió Fáilte, BBC agus Meon Eile.

Ócáidí agus Tionscadail Chultúrtha Eile

Tugadh maoiniú do roinnt grúpaí eile ar fud an oileáin ar nós: Cór Chois Fharraige, Cór Duibhlinne, Léachtaí Cholm Cille, Léann na Gaeilge UCD, Scoil Cheoil an Earraigh, Armagh Rhymers, Dolphin Traders, Cúirt Filíochta Little Cinema Gaillimh, Dámhscoil na Mumhan, Pastime Chonamara, Réalt Uladh, Scríbhneoirí Gaeilge Chiarraí, Irish Theatre Institute, Scoil Cheoil an Earraigh agus Réalt Uladh.

Cuireadh maoiniú ar fáil do Ghuthanna Binne Síoraí chun dlúthdhiosca dátheangach a fhoilsiú. Fuil ar an Rós / Blood on the Rose is ea an teideal den Albam. Saothar le ceathrar de shíneoirí Fhorógra na Cásca atá air chomh maith le dánta a bhain leis an tréimhse áirithe sin. Tugadh maoiniú do Mark Lynch chun taifeadadh a dhéanamh ar Shaothar Sheáin Uí Ríordáin agus ar an teanga trí chnuasach d'amhráin bunaithe ar a dhánta a thaifeadadh agus a eisiúint ar líne agus ar dhlúthdhiosca. Is é *An Bóthar* an teideal atá ar an dlúthdhiosca.

Reachtáladh sraith de 6 chaint arís in 2016 in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) i mBéal Feirste. Ba é téama na bliana 2016 'An Ghaeilge Inniu agus Inné'. Bhí na cainteanna seo dírithe ar an mórfhobal.

3.7 Tacú le hÚsáid na Gaeilge sna meáin & sna hilmheáin

Scéim Nuachtán Ar Líne

Mar iarratasóir rathúil faoin scéim seo, tá deontas 4 bliana de luach €1.6 milliún ceadathe do www.Tuairisc.ie. Foilsíodh an nuachtán ar líne go seachtainiúil le linn 2016 agus bhí sé léite ag os cionn 250,000 úsáideoir anuas go deireadh na bliana agus is é sin ardú 25% ar líon na n-úsáideoirí in 2015.

Scéim Iris Stílmhaireachtála

Bhí www.NOS.ie mar iarratasóir rathúil faoin scéim seo chun gné-iris ar líne a fhoilsiú. Rinneadh eagrán mhíósúla a fhoilsiú le linn 2016 agus bhí os cionn 128,000 úsáideoir ag an iris anuas go deireadh na bliana. Is é sin ardú de 55,600 ar líon na n-úsáideoirí in 2015. Eagraíodh *Gradaim Cheoil NÓS 2016* faoi scáth www.NOS.ie chomh maith.

Scéim Iris Ghaeilge

Bhí *Comhar* mar iarratasóir rathúil faoin scéim seo chun foilseachán ar ábhair Ghaeilge a fhoilsiú. Foilsíodh 12 eagrán den iris athsheolta ó thús 2016 agus i measc an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana, ardaíodh líon na sintiúsóirí go dtí os cionn 300 agus tá beagnach 500 cóip den iris á ndíol anois go míosúil ó shiopaí Easons ar fud an oileáin.

4

COMMUNICATION

To communicate effectively with interested parties and to promote the effective marketing of the Irish language throughout the island of Ireland

4.1 Placing the Irish language in the public eye

An Gúm

The use of Facebook and Twitter was increased in order to publicise the publications. Brochures and catalogues were distributed to the shops and to the schools and publicity stands were organised at some relevant events, including The Primary School Principals' Conference and Comhairle na Gaelscolaíochta's Conference.

A one-day conference was held in UCD in October to celebrate 90 years since the establishment of an Gúm.

Dictionaries and Lexicography

The public was informed of the online version of the New English-Irish Dictionary as a flagship project of Foras na Gaeilge and of the additional developments on the site as they occurred. A specific campaign was established to encourage school pupils, university students and the general public to avail of the dictionary site www.focloir.ie and as evidence of the success of this task, there were 1.1 million users on the site in 2016, who looked at 12.3 million pages – an increase of 61% and 82%, respectively, in comparison to 2015.

Media

Foras na Gaeilge was in regular contact with the Irish language and English language media during 2016. Representatives were made available for radio, television and newspaper interviews and press statements were issued regularly. Communication plans were implemented in order to share important information about the Irish language with the media and to discuss relevant questions with the interested parties. This is a very important element of Foras na Gaeilge's work in order to keep the public informed of projects, news and other activities.

The print media remains a powerful marketing tool. These media provide highly valuable opportunities to share our messages and materials widely, not only among the Irish-speaking community but among the entire population of the island. Once again, sponsorship was given to the magazine *Sult* in partnership with *The Irish Daily Mail*.

Foras na Gaeilge was pleased to announce for the first time its portal site for the Irish language (www.gaeilge.ie) as well as its new corporate site (www.forasnagaeilge.ie) when Máire Treasa Ní Cheallaigh, a journalist and a GAA reporter with RTÉ, launched the websites in the Trinity College Science Gallery on the 29th of June. Conradh na Gaeilge's multimedia platform, www.PEIG.ie was presented to the public at the same event.

The portal website, which was mentioned specifically in the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030, provides a platform for Irish language organisations, to publicise interesting features, including publications, dictionaries and terminology, as well as social media. All information regarding the work undertaken by Foras na Gaeilge is available on the

4 CUMARSÁID

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus Margaíocht éifeachtach na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann a chur chun cinn

4.1 Aird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge

An Gúm

Méadaíodh an úsáid a baineadh as Facebook agus Twitter chun na foilseacháin a phoibliú. Scaipeadh bróisiúir agus catalóga ar na siopaí agus ar na scoileanna agus eagraíodh seastáin phoiblíochta ag roinnt ócáidí ábhartha, Comhdháil na bPríomhoidí Bunscoile agus Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta, ina measc.

Reachtáladh comhdháil lae mar chomórath ar bhunú an Ghúim 90 bliain ó shin in UCD i mí Dheireadh Fómhair.

Cúrsaí Foclóireachta

Cuireadh an pobal ar an eolas maidir leis an leagan ar líne den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge mar thionscadal suaitheanta de chuid Fhoras na Gaeilge agus maidir leis na forbairtí breise ar an suíomh de réir mar a tharla siad. Bunaíodh feachtas faoi leith chun daltaí scoile, mic léinn ollscoile agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun suíomh gréasáin an fhoclóra www.focloir.ie a úsáid agus mar fhianaise ar rath an taise seo, bhí 1.1 milliún úsáideoir ar an suíomh sa bhliain 2016, a bhreathnaigh ar 12.3 milliún leathanach – méadú de 61% agus 82%, faoi seach, ar 2015.

Na Meáin

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2016. Cuireadh ionadaithe ar fáil d'agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preaseisiúintí ar bhonn leanúnach. Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le heolas tábhachtach faoin nGaeilge a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chíoradh le páirtithe leasmhara. Is gné an-tábhachtach í seo d'obair Fhoras na Gaeilge leis an bpobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadail, nuacht agus gníomhaíochtaí eile.

Is uirlis iontach láidir margaíochta iad na meáin chlóite i gcónaí. Tugann na meáin seo deis luachmhar dúinn ábhar agus teachtaireachtaí a scaipeadh go forleathan, ní hamháin i measc phobal na Gaeilge ach i measc phobal uile an oileáin. Rinneadh urraíocht arís ar an iris *Sult* i gcomhar leis an nuachtán *The Irish Daily Mail*.

Ba chúis áthais d'Fhoras na Gaeilge a shuíomh tairsí don Ghaeilge (www.gaeilge.ie) chomh maith le suíomh nua corparáideach (www.forasnagaeilge.ie) a nochtadh den chéad uair nuair a sheol Máire Treasa Ní Cheallaigh, iriseoir agus tuairisceoir Chumann Lúthchleas Gael le RTÉ, na suíomhanna gréasáin in Áiléar Eolaíochta Choláiste na Tríonóide ar an 29 Meitheamh. Cuireadh ardán ilmheán Chonradh na Gaeilge, www.PEIG.ie, i láthair an phobail ag an ócáid chéanna.

Tugann an suíomh tairsí, atá luaithe go sonrach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, ardán d'eagraíochtaí Gaeilge poiblíocht a dhéanamh ar ghnéithe suimiúla, lena n-áirítear foilseacháin, foclóirí agus téarmaíocht, chomh maith leis na meáin shóisialta. Tá gach eolas faoin obair a dhéanann

corporate website which includes corporate information, funded schemes, publishing, dictionaries, publications, projects and news.

Information Stands

Foras na Gaeilge had information stands at a wide range of events this year, including: Fleadh Cheoil na hÉireann, the Ploughing Championships, and the November Oireachtas festival.


Sponsorship Programme

Foras na Gaeilge was pleased to provide sponsorship to a wide range of projects. Some standout projects include: Gaelspraoi – Saint Patrick’s Day Festival; Fleadh Cheoil na hÉireann; Caithréim by Síle Denvir; Comóradh Uí Néill and na Gaeil Óga.

Sponsorship was given to a wide range of awards in recognition of best practice in Irish in various domains. Among the awards was: Smedias – awards for students who excel in the media; the Eir Spiders Awards which recognise the best Irish language websites, along with the Junior Eir Spiders for young people who create blogs and websites through Irish; The Irish Blog Awards; the Aisling Awards; the Irish Marketing Awards; the C-Store Awards and the Irish Law Awards.

Launches

The book, *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge* (Portraits of Irish-Language Writers), was launched as well as the new site portraidi.ie and events and launches were held throughout the year to publicise various phases of the project in conjunction with Comhar. Professor Declan Kiberd (University of Notre Dame) presented the book and the website to the public in The Columns Room in the Rotunda Hospital on the 22nd of June.



Foras na Gaeilge ar fáil ar an suíomh corparáideach lena n-áirítear eolas corparáideach, scéimeanna maoinithe, foilsitheoireacht, foclóirí, foilseacháin, tionscadail agus nuacht.

Seastáin Eolais

Bhí seastáin eolais ag Foras na Gaeilge ag raon leathan ócáidí i rith na bliana lena n-áirítear Fleadh Cheoil na hÉireann, An Comórtas Treabhdóireachta agus Oireachtas na Samhna.

Clár Urraíochta

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a chur ar fáil do raon leathan tionscadal agus i measc na bpríomhthionscadal bhí: Gaelspraoi – Féile Lá le Pádraig; Fleadh Cheoil na hÉireann; Caithréim le Síle Denvir; Comóradh Uí Néill agus na Gaeil Óga.

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam bhí: *Smedias* - Gradaim do mhic léinn a léirigh sármhaitheas i réimse na meán; Gradaim *Eir Spiders*, a thug aitheantas do na suíomhanna gréasáin Gaeilge is fearr; chomh maith leis na *Junior Eir Spiders* do dhaoine óga a chruthaigh blaganna agus suíomhanna gréasáin i nGaeilge; Gradaim Bhlaganna na hÉireann; Gradaim Aisling; Gradaim Mhargaíochta na hÉireann, Gradaim C-Store agus Gradaim Dlí na hÉireann.



Miriam O'Callaghan, Anna Davitt (Foras na Gaeilge) agus Colm Mac Aodháin ag Gradaim Dlí na hÉireann.

Miriam O'Callaghan, Anna Davitt (Foras na Gaeilge) agus Colm Mac Aodháin at the Irish Law Awards.

Seoltaí

